15854 **M88**

**DON SCRÚDAITHEOIR**

SCRÚDUIMHIR ☛ [ ]

Iomlán na Marcanna [ ]

# AN ROINN OIDEACHAIS

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1996

# GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

## (270 marc)

**DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00**

STAMPA AN IONAID

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| | |
| CT | |
| | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |


## ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)


FREAGAIR **GACH** CEIST (**1**, **2** *agus* **3**).

**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)


1. GO MALL! / FIR AG OBAIR / BÓTHAR Á DHEISIÚ
2. GARDA SÍOCHÁNA / AGALLAMH AR SIÚL / I SEOMRA 15
3. SIOPA ÉADAIGH DE BRÚN / SLADMHARGADH / AG TOSÚ AMÁRACH 9.00 A.M.
4. PÁIRC UÍ CHAOIMH / CLUICHE CEANNAIS-IOMÁNAÍOCHT / DÉ DOMHNAIGH - 3.00 P.M.
5. Lá Fhéile Pádraig / Paráid Bliantúil / ag tosú - 12.30 p.m.
6. SAOTHARLANN / RANGANNA AR CEAL! / MÚINTEOIR EOLAÍOCHTA TINN
7. AG TEASTÁIL – / DUINE ÓG CHUN PÁIPÉIR NUACHTA A SCAIPEADH / CAITHFIDH ROTHAR A BHEITH AGAT!
8. AERFORT! / AERFORT NA MINE / DÍREACH AR AGAIDH
9. Cumann Rince na hÉireann / Ranganna Damhsa / Halla de hAis-Oíche Déardaoin
10. CARRCHLÓS NA CATHRACH / SPÁSANNA FÁGTHA


| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

A


B



C



D



E



F


G


H


I


J


**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (50 marc)

(a) Léigh an **litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 marc)

POST

Príomhoifig an Phoist,
Sráid Uí Chonaill,
Baile Átha Cliath 2.

7 Márta 1996

Síle Ní Mhurchú,
17, Sráid na Siopaí,
Cill Dara.

A chara,

Go raibh maith agat faoi do litir den 4ú lá.

Tá áthas orm a chloisteáil gur mhaith leat a bheith i do bhean phoist.

Más maith leat a bheith i do bhean phoist, caithfidh tú a bheith seacht mbliana déag ar a laghad agus níor mhór na cosa a bheith go maith freisin! Beidh ort pas a fháil i gcúig ábhar san Ardteistiméireacht.

Beidh scrúdú iontrála le déanamh agus má éiríonn leat sa scrúdú sin, beidh agallamh le déanamh agat. Má éiríonn leat san agallamh, beidh scrúdú dochtúra le déanamh agat ina dhiaidh.

Beidh cúrsa traenála ag tosú i mBaile Átha Cliath ar 30 Samhain. Tá súil agam go bhfeicfidh mé ann tú.

Is mise,

*Máire Ní Mhuineacháin*
(Oifigeach Pearsanra)

**Ceisteanna:**

1. Cén post ba mhaith le Síle ?

| | |
|---|---|
| Oifigeach Pearsanra | |
| Dochtúir | |
| Bean Phoist | |

2. Cén dáta ar scríobh Máire an litir seo ?

| | |
|---|---|
| 4 Márta | |
| 7 Márta | |
| 30 Samhain | |

3. Cé mhéad pas a chaithfidh Síle a fháil san Ardteistiméireacht ? Pas i ...

| | |
|---|---|
| 4 ábhar | |
| 5 ábhar | |
| 7 ábhar | |


4. Má éiríonn le Síle san agallamh, cad a bheidh le déanamh aici ina dhiaidh ?

| | |
|---|---|
| Scrúdú na hArdteistiméireachta | |
| Scrúdú Iontrála | |
| Scrúdú Dochtúra | |

5. Cén áit a mbeidh an cúrsa traenála ar siúl ?

| | |
|---|---|
| i Muineachán | |
| i gCill Dara | |
| i mBaile Átha Cliath | |

**(b)** Léigh an **bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 marc)




AG TEACHT GO CORCAIGH ?

Fan linne in

ÓSTÁN NA hABHANN

Baile Bhuirne



Tá Óstán breá compordach againn anseo sa Ghaeltacht. Tá sé suite in aice leis An Sulán, abhainn a dtagann go leor iascairí ag iascaireacht inti. Táimid an-chairdiúil anseo agus tá bia iontach againn freisin.

38 seomra codlata atá san Óstán agus tá folcadán i ngach seomra acu. Tá beár freisin againn agus bíonn seisiún ceoil ann gach oíche.

Tá cóiste ag an Óstán féin agus tabharfaimid ar thuras ar fud Chorcaí agus Chiarraí tú ar chostas £7 ... más maith leat !

Tuilleadh Eolais ag an Uimhir Teileafóin: 026-12345

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil an tÓstán seo ?

| | |
|---|---|
| I nGaeltacht Chorcaí | |
| I nGaeltacht Chiarraí | |
| I nGaeltacht Phort Láirge | |

**2.** Tá an tÓstán seo suite in aice

| | |
|---|---|
| Le hAbhainn | |
| Leis an bhfarraige | |
| Le cathair | |

**3.** Cad atá i ngach seomra codlata ?

| | |
|---|---|
| Teileafón | |
| Teilifíseán | |
| Folcadán | |

**4.** Cén caitheamh aimsire is féidir a dhéanamh in aice leis an Óstán ?

| | |
|---|---|
| Galf | |
| Iascaireacht | |
| Leadóg | |

**5.** Cén chaoi ar féidir leat dul ar thuras ar chostas £7 ?

| | |
|---|---|
| I mbád | |
| I mbus le Bus Éireann | |
| I gcóiste leis an Óstán | |

(c) Léigh an **scéal nuachta** seo atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (25 marc)

## ROBÁIL TÍ i nGAOTH DOBHAIR



**Briseadh isteach i dteach saoire i nGaoth Dobhair, i gCo. Dhún na nGall, inné agus goideadh luach dhá mhíle punt as.**

Bhris na gadaithe isteach trí fhuinneog na cistine ar chúl an tí agus ní fhaca aon duine ag briseadh isteach sa teach iad.

Thug na gadaithe leo teilifíseán, fístaifeadán agus seinnteoir ceirníní as an seomra suí. Ní fhaca siad an ríomhaire 'Apple Mac' a bhí istigh i gcófra sa seomra staidéir. Bhí rudaí an-tábhachtacha ar an ríomhaire seo.

Ghoid siad raidió, téipthaifeadán agus cluichí Nintendo as seomraí codlata na bpáistí, agus ghoid siad uaireadóir an-luachmhar as seomra bhean an tí.

Is le Muintir Uí Bhroin as Baile Átha Cliath an teach saoire ach ní raibh siad ansin inné. Chuaigh siad ar fad go Cionn Casla inné chun Daniel O'Donnell a fheiceáil.

Tá na gardaí ag fiosrú an scéil.

Ceisteanna:

1. Cén sórt tí ar bhris na gadaithe isteach ann ?

| | |
|---|---|
| Teach Tábhairne | |
| Teach Ósta | |
| Teach Saoire | |

2. Cén chaoi a ndeachaigh siad isteach sa teach ?

| | |
|---|---|
| Trí fhuinneog sa seomra suí | |
| Trí fhuinneog sa chistin | |
| Trí dhoras an tí | |

3. Ní fhaca siad rud éigin a bhí sa seomra staidéir. Cad é ?

| | |
|---|---|
| Teilifíseán | |
| Fístaifeadán | |
| Ríomhaire | |

4. Cad a ghoid siad ó bhean an tí ?

| | |
|---|---|
| Uaireadóir | |
| Raidió | |
| Téipthaifeadán | |

5. Cá ndeachaigh Muintir Uí Bhroin inné ? Chuaigh siad

| | |
|---|---|
| ar ais go Baile Átha Cliath | |
| go Cionn Casla | |
| go Dún na nGall | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. (60 marc)

(a) Léigh an **t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)





An bhfaca tú ariamh an seanphíosa 10 scilling agus an pictiúr de Phádraig Mac Piarais a bhí air ?

Is i 27 Sráid Brunswick i mBaile Átha Cliath a rugadh Pádraig ar 10 Samhain 1879.

Múinteoir, scríbhneoir, polaiteoir agus saighdiúir ab ea Pádraig Mac Piarais. Saor cloiche ab ea a athair, James Pearse. Rugadh an t-athair i Londain sa bhliain 1839 ach tháinig James go hÉirinn ag iarraidh post a fháil nuair a bhí sé cúig bliana is fiche d'aois.

Phós James bean darbh ainm Emily Fox agus bhí beirt pháistí acu. Ach fuair Emily bhocht bás i 1876. I 1877 phós James Maighréad Ní Bhrádaigh arbh as Co. na Mí a muintir. Bhí ceathrar páistí acu - Maighréad, Liam, Máire Bríd agus Pádraig.

Bhí Pádraig ina cheannaire ar Éirí Amach na Cásca 1916. Cuireadh chun báis é i bPríosún Chill Mhaighneáin, i mBaile Átha Cliath ar 3 Bealtaine 1916.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén duine a bhí ar an seanphíosa 10 scilling ?

| | |
|---|---|
| James Pearse | |
| Pádraig Mac Piarais | |
| Liam Mac Piarais | |

**2.** Cén bhliain ar rugadh é ?

| | |
|---|---|
| 1877 | |
| 1879 | |
| 1916 | |

**3.** Cén post a bhí ag a athair ?


| | |
|---|---|
| Saor cloiche | |
| Múinteoir | |
| Saighdiúir | |

**4.** Cén áit inar rugadh a athair ?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Co. na Mí | |
| Londain | |

**5.** Cé a fuair bás in 1876 ?

(b) Léigh an **giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá faoi. (30 marc)



## AN NOLLAIG

### MAR A BHÍ i gCONAMARA FADÓ



Ar an mbord sa chistin, bhí coinneal mhór na Nollag agus í curtha isteach i dtornapa chun í a choimeád suas díreach ! Bhíodh sí ar lasadh **Oíche Nollag** ar fad.

An bord a bhí istigh le balla gach lá eile den bhliain, is i lár an urláir a bhí sé **Oíche Nollag** agus gach duine de mhuintir an tí timpeall air ag ithe suipéir. Iasc úr a bhí againn le hithe **Oíche Nollag** agus ní raibh cead dul a chodladh gan an paidrín a rá.

**Lá Nollag**, d'éirigh gach duine go moch ar maidin agus bhí siad réidh an-luath chun dul chuig an Aifreann. Ní raibh gluaisteán ná rothar acu ach shiúil siad chuig an Aifreann san fhuacht nó sa bháisteach.

Ba lá mór é **Lá Nollag**. Bhí píosa de chaoireoil nó gé mhór ramhar le hithe an lá sin mar bhí caoirigh agus géanna ag beagnach gach teach an uair sin. Ní raibh caint ar bith an t-am sin ar an turcaí !

(As: **SAOL SCOLÓIGE** le Seán Ó Conghaile)

Ceisteanna:

1. Cad a bhí ar an mbord Oíche Nollag ?

| | |
|---|---|
| Coinneal | |
| Lampa | |
| Crann Nollag | |

2. Cén áit a raibh an bord Oíche Nollag ? Bhí sé .....

| | |
|---|---|
| Istigh le balla | |
| I lár an urláir | |
| Ar chúl an tí | |

3. Cad a bhí le hithe acu don suipéar Oíche Nollag ?

| | |
|---|---|
| Tornapa | |
| Iasc | |
| Feoil | |

4. Cén chaoi a ndeachaigh na daoine chuig an Aifreann Lá Nollag ?

| | |
|---|---|
| I ngluaisteán | |
| Ar rothar | |
| Ag siúl | |

5. Cén cineál bia <u>nach raibh caint ar bith air</u> an t-am sin ?

| | |
|---|---|
| Turcaí | |
| Caoireoil | |
| Gé | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna atá fúthu. (30 marc)

## <u>AN BACACH</u>

(Le Seán Ó Leocháin)

*(*Bacach = duine bocht, b'fhéidir nach bhfuil sé ábalta siúl go maith.)*



Tháinig sé don doras,
a phíb bheag ina láimh,
a mhaide faoina ascaill

agus, mura mbeadh agam
ach pingin dó,
ba bhuíochas síor a chanfadh.

Chonaic mé uair eile é
ag cúinne sráide
in aice áit an mhargaidh,

an bháisteach dhubh
anuas air,
an oíche fuar ina thimpeall

agus, mura mbeadh agam
ach pingin dhonn
ba bhuíochas síor a chanfadh.

<u>Ceisteanna</u>:

**1.** Cén áit a bhfaca an file (= Seán Ó Leocháin) an Bacach ar dtús ?

| | |
|---|---|
| Ag an doras | |
| Sa bhaile mór | |
| Sa scoil | |

**2.** Cad a bhí "faoina ascaill" ag an mBacach ?

| | |
|---|---|
| A phíb bheag | |
| A mhaide | |
| A chuid airgid | |

**3.** Cén áit a bhfaca an file an Bacach uair eile ?

| | |
|---|---|
| Ag cúinne sráide | |
| Istigh i siopa | |
| Ag doras séipéil | |

**4.** Cén chaoi a raibh an aimsir an uair sin ?

| | |
|---|---|
| Fuar agus tirim | |
| Fuar agus gaofar | |
| Fuar agus fliuch | |

**5.** Tá <u>píosa airgid</u> luaite dhá uair sa dán. Ainmnigh é.

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *agus* **6**).

**CEIST 4** Freagair *(a)* **NÓ** *(b)*. (30 marc)

(a) Féach ar na pictiúir atá thíos.





Cén rud ?
Cén áit ?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach ?



Cé hé fear an tí ?





Cad a tharlóidh don airgead ?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud seo thuas.

**FÓGRA**

NÓ

**(b)** Féach ar na pictiúir atá thíos.




Is tusa an duine a fuair an cuireadh seo ó Mháire. Scríobh **FREAGRA** ar an gcuireadh sin ag insint do Mháire:

- Cén uair a fuair tú an cuireadh ? } Pict. 1
- An raibh áthas nó brón ort é a fháil ?


- An mbeidh tú ábalta dul ann ? } Pict. 3
- Cad a dúirt do mháthair faoin am a gcaithfidh tú a bheith sa bhaile ?

- Cén uair a fheicfidh tú Máire ? } Pict. 4
- Cén áit a bhfeicfidh tú í ?

**FREAGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b) (40 marc)

(a) Féach ar na pictiúir atá thíos.










Tá tusa ag obair sa Champa saoire seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint:

- Faoin gCampa Saoire agus an áit a bhfuil an Campa Saoire (Pict. 1)
- Cúpla rud faoin obair a dhéanann tú } (Pict. 2 & 3)
- Faoi na daoine atá ag teacht chuig an gCampa Saoire } (Pict. 2 & 3)
- Faoi na rudaí a dhéanann tú ar an deireadh seachtaine (Pict. 4)

[N.B. **Bíodh leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

LITIR

**(b)** Ba mhaith leat a bheith i do thiománaí bus le Bus Átha Cliath. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh. Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá thíos.
[Nóta: Is tusa Chris Beggs]

**BUS ÁTHA CLIATH**
**Foirm Iarratais**

Ainm: *Jude Adams*

Seoladh: ..............................................................................................

..............................................................................................

Aois: .................................... Dáta Breithe: ....................................

Airde: .................................... Meáchan: ....................................

An gcaitheann tú spéaclaí ? ..............................................................

Cén scrúdú teistiméireachta atá déanta agat ? ..............................................

Ainmnigh na hábhair a rinne tú sa scrúdú sin ? ..............................................

..............................................................................................

An bhfuil ceadúnas tiomána agat ? ..............................................................

Ar thiomáin tú bus riamh ? ..............................................................

Beidh agallamh le déanamh agat. Cuir ciorcal timpeall ar an dáta is fearr leat. Lúnasa 19ú, 20ú, 21ú, 22ú, 23ú.

An dtuigeann tú go mbeidh cúrsa traenála 6 mí le déanamh agat i mBaile Átha Cliath ? ..............................

An bhfuil aon tinneas ort a chuirfidh isteach ar do chúrsa traenála ? ..............................

Luaigh trí chaitheamh aimsire atá agat ? ..............................................................

Scríobh alt beag (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith i do thiománaí bus.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

Síniú: *Jude Adams*

Dáta: ____________________


**Ceist 6:** Freagair (a) **NÓ** (b) (50 marc)

(a) Féach ar an bpictiúr atá thíos.

Bhí tú i láthair ag an Lá Náisiúnta Spóirt seo. Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh don iris "Dréimire" faoi.

Scríobh an **cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.


**LÁ NÁISIÚNTA SPÓIRT 1996**



**(b)** Féach ar na pictiúir atá anseo thíos.

Tharla an **eachtra** seo lá agus tú ar do bhealach chuig an scoil. Tá tú chun scríobh faoin eachtra seo in "Iris na Scoile" (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.




| ag caitheamh<br>liathróidí sneachta | sciorr<br>bhuail | ghlaoigh<br>otharcharr | tháinig<br>mála siopadóireachta |
|---|---|---|---|

**EACHTRA A THARLA**